2026/2506

13.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2506 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2026

lena gcuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Superficid express' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 49 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Meitheamh 2023, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais ag a raibh an uimhir údaraithe EU-0027677-0000 do shealbhóir an údaraithe Lysoform Dr. Hans Rosemann GmbH chun an táirge bithicídeach singil céanna ina bhfuil Própán-1-ól agus Própán-2-ól 'Superficid express' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 44(5), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) An 23 Iúil 2026 chuir Lysoform Dr. Hans Rosemann GmbH iarraidh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an údarú Aontais sin a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarraidh faoi chás-uimhir BC-AP120147-45 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(3) An 15 Meán Fómhair 2026 chuir Lysoform Dr. Hans Rosemann GmbH réasúnú ar an iarraidh ar chealú isteach inar luaigh sé go raibh cinneadh déanta aige deireadh a chur le táirgeadh 'Superficid express' ar bhonn breithnithe tráchtála.

(4) An 16 Meán Fómhair 2026 chuir an Ghníomhaireacht an iarraidh réasúnaithe ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Superficid express' a chur ar ceal arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe agus, dá réir sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133 a aisghairm.

(6) Is iomchuí freisin tréimhse chairde a dheonú chun na stoic atá ann cheana de 'Superficid express' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'Superficid express' a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133 do Lysoform Dr. Hans Rosemann GmbH agus ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027677-0000.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'Superficid express' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 149, 9.6.2023, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1133/oj).

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1133.

Airteagal 3

Ní chuirfear an táirge bithicídeach 'Superficid express' ar fáil ar an margadh a thuilleadh ón 3 Meitheamh 2027 agus ní úsáidfear a thuilleadh stoic atá ann cheana den táirge bithicídeach sin ón 3 Nollaig 2027.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN